



Ciorclán 0026/2015

**Chuig: Údaráis Bhainistíochta Bunscoileanna, Meánscoileanna, Pobalscoileanna agus
Scoileanna Cuimsitheacha Aitheanta,
Príomhfheidhmeannach gach Bord Oideachais agus Oiliúna agus Múinteoirí atá
cláraithe leis an Chomhairle Mhúinteoireachta**

**Réamhullmhúchán ar thosach riachtanas reachtúil maidir le grinnfhiosrúcháin
an Gharda Síochána faoin Acht um an Bhiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin 2012
(Leanaí agus Daoine Soghonta)**

1. Aidhm an chiorcláin seo

1.1 Tá sé mar aidhm ag an chiorcláin seo breac-chuntas a dhéanamh ar na hullmhúcháin atá á gcur i bhfeidhm roimh theacht i bhfeidhm riachtanais ghrinnfhiosrúcháin reachtúla an Gharda Síochána faoin Acht um an Bhiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin 2012 (Leanaí agus Daoine Soghonta), nó an tAcht Grinnfhiosrúcháin. Tá comhairle ar fáil sa chiorclán seo ar (a) na céimeanna ar cheart do mhúinteoirí cláraithe a ghlacadh anois agus iad ag iarraidh fostaíocht nua a lorg i scoil nua go díreach i ndiaidh do thosú an Achta Ghrinnfhiosrúcháin agus (b) na réamhullmhúcháin agus na gníomhartha ar cheart do gach údarás scoile a chur i bhfeidhm chun éascú a dhéanamh san idirlinn, an oiread agus is féidir, ar aistriú furasta go dtí na riachtanais reachtúla grinnfhiosrúcháin atá le teacht.

Mar seo a leanas atá an chiorclán seo leagtha amach:

- 1. Aidhm an Chiorcláin seo**
- 2. Riachtanais ghrinnfhiosrúcháin reachtúla den Acht Grinnfhiosrúcháin atá le teacht**
- 3. Na céimeanna ar cheart do mhúinteoirí cláraithe a ghlacadh láithreach**
- 4. Réamhullmhúcháin agus gníomhartha ar cheart do gach údarás scoile a ghlacadh**
- 5. Cumarsáid leanúnach agus tuairisc chun dáta**
- 6. Ceisteanna Coitianta agus eile**

2. Riachtanais ghrinnfhiosrúcháin reachtúla den Acht Grinnfhiosrúcháin atá le teacht

- 2.1 Faoi láthair, is ar bhonn neamhreachtúil a fheidhmíonn an riachtanas nach foláir do dhaoine atá chun thosú i bpost i scoil curtha faoin ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána. Cuirfear an tAcht Grinnfhiosrúcháin riachtanais reachtúla grinnfhiosrúcháin i bhfeidhm. Níor cuireadh tús leis an Acht sin go fóill, áfach.
- 2.2 I ndiaidh breithiúnais de chuid Chúirt Achomhairc na Ríochta Aontaithe sa bhliain 2013 b'éigean athbhreithniú a dhéanamh ar fhorálacha noхта san Acht Grinnfhiosrúcháin agus sa Bhille 2014 ar Chiontuithe Caite araon. Táthar tar éis an t-athbhreithniú sin a chur i gcrích anois agus tá dréachtaí á ndéanamh faoi láthair ar leasuithe ar an Bhille ar Chiontuithe Caite.
- 2.3 Ar feitheamh leasú an Achta Ghrinnfhiosrúcháin, tá scagaire riaracháin tugtha isteach maidir le nochtadh Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána agus ina bhforáiltear nach nochtar roinnt mionchionta áirithe a thuilleadh atá os cionn 7 mbliana d'aois.
- 2.4 Déanfaidh an tAcht Grinnfhiosrúcháin an Biúro Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin a chur i bhfeidhm (An Biúro), a thiofadh in áit Láraonad Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána (LGGS), agus is eisean a bheidh freagrach, ach a gcuirfear an tAcht i bhfeidhm, as nochtadh grinnfhiosrúcháin faoi shocrúithe reachtúla an Achta.
- 2.5 Chomh maith leis sin beidh na socruithe reachtúla grinnfhiosrúcháin faoi Acht an Ghrinnfhiosrúcháin ann, chomh maith le bheith mar sheiceáil do chionta coiriúla, agus seiceáil déanta ann fosta d'aon "eolas tánaisteach" ábhartha. Beidh sé seo mar ghné thábhachtach nua sna socruithe grinnfhiosrúcháin. Tagraítear don "eolas tánaisteach" seo mar "shaineolas" san Acht Grinnfhiosrúcháin agus is eolas é atá ann taobh amuigh de na ciontuithe atá ar thaifead na nGardaí Síochána a chuireann leis an tuiscint 'bona-fide' go n-imríonn duine bagairt ar pháistí nó ar dhaoine soghonta.
- 2.6 Nuair a thosófar Alt 12 (1) den Acht Grinnfhiosrúcháin is amhlaidh a bheidh gá ann don fhostóir (.i. an scoil/an Bord Oideachais agus Oiliúna (BOO)) nochtadh grinnfhiosrúcháin a fháil ón Bhiúro sula dtosaíonn sé/sí ar an chéadfhostaíocht le fostaí nua. Cion coiriúil a bheidh ann mura ndéanann fhostóir an riachtanas reachtúil sin a chomhlíonadh.
- 2.7 Tabhair faoi deara, nach mbainfidh an riachtanas i Rannóg 12(1) maidir le nochtadh grinnfhiosrúcháin a fháil ón Bhiúro le haon fhostaíocht a thosaigh nó a ndeachthas fúithí roimh an Acht Grinnfhiosrúcháin. Ní chuirfidh sé seo isteach ar mhúinteoirí atá fostaithe ag scoil/BOO sula raibh an tAcht Grinnfhiosrúcháin i bhfeidhm (bíodh siad

ag obair i bpost buan nó ag obair ar théarma seasta (sealadach) nó mar ionadaí) ó taobh fhorálacha Roinn 12(1) den Acht Grinnfhiosrúcháin maidir leis an fhostaíocht ina bhfuil siad faoi láthair leis an scoil/BOO áirithe sin.

- 2.8 Foráiltear san Acht Grinnfhiosrúcháin gur féidir an nochtadh grinnfhiosrúcháin a fháil trí eagraíocht chláraithe (dá dtagraítear mar “eagraíocht ábhartha” san Acht) a fheidhmíonn thar ceann eagraíocht eile chláraithe ar mhaith le grinnfhiosrúchán. I gcás na múinteoirí cláraithe, leanfaidh an Chomhairle Mhúinteoireachta leis mar threoir do na scoileanna agus do Bhoird Oideachais agus Oiliúna ó thaobh ghrinnfhiosrú an gharda síochána de.
- 2.9 I láthair na huaire is í an Chomhairle Mhúinteoireachta, faoi na socrúithe neamhrechtúla reatha, a thugann litir nochtadh grinnfhiosrúcháin don mhúinteoir aonarach ach ní chuireann sí cóip ar fáil den nochtadh grinnfhiosrúcháin iarbhír ar fáil d’údarás na scoile¹. Ní leanfar leis an soláthar seo den litir nochtadh grinnfhiosrúcháin. Beidh an t-athrú cleachtais seo déanta san am céanna le tosú an Achta Ghrinnfhiosrúcháin. Faoi na socrúithe nua seo cuirfear nochtadh grinnfhiosrúcháin a fuair an Chomhairle Mhúinteoireachta ón Bhiúró agus déanfar é sin a chur ar fáil go leictreonach don údarás scoile ábhartha trí mheán chlár leictreonach múinteoirí na Comhairle Múinteoireachta. Déanfaidh an Chomhairle Mhúinteoireachta éascú air sin trí chóip leictreonach de nochtadh an Bhiúró a chur isteach sa chuid phríobháideach d’iontráil an mhúinteora ar chlár leictreonach múinteoirí na Comhairle. Is é an múinteoir lena mbaineann a rialóidh an rochtain ar nochtadh an Bhiúró. Nuair is gá do chúinsí fostaíochta, caithfidh an múinteoir rochtain leictreonach a thabhairt d’údarás scoile ar nochtadh an Bhiúró atá iontráilte sa chlár, rud a chuirfidh ar chumas an údaráis scoile a cheangaltas a shásamh faoin Acht Grinnfhiosrúcháin nochtadh a fháil ón Bhiúró.
- 2.10 Táthar chun na leasúithe ar an Acht Grinnfhiosrúcháin a chur faoi bhráid an Oireachtais i seisiún reatha na Dála, agus i ndiaidh a n-achtaithe is amhlaidh a chuirfear tús leis an Acht Grinnfhiosrúcháin a luaithe agus is féidir. Is é an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais a chinnteoidh an t-achar ama cruinn ina gcuirfear tús leis an Acht Grinnfhiosrúcháin. Tabharfaidh an Roinn seo fógra chomh maith do chóras na scoile faoin dáta tosaithe, agus foilseofar é ar shuíomh na Roinne chomh luath agus a bhíonn sé ar fáil. Idir an dá linn, tá an **31 Iúil 2015** luaite ag an Roinn seo, ar mhaithe le réamhphleanáil a dhéanamh, mar dháta ar cheart do mhúinteoirí cláraithe agus fostóirí scoile na réamhghníomhaíochtaí mar atá leagtha amach sa chiorclán seo bheith curtha i gcrích.

¹ Sa chiorclán seo ciallaíonn “údarás scoile” an t-údarás bainistíochta ábhartha don scoil nó don ionad oideachais lena mbaineann m.sh. an Bord Oideachais agus Oiliúna ábhartha nó i gcás an Bhoird Oideachais agus Oiliúna scoileanna agus ionaid oideachais agus an bord bainistíochta/bainisteoir i gcás gach scoil eile.

- 2.11 Ós rud é go bhfuil an tAcht Grinnfhiosrúcháin á leasú i láthair na huaire agus gan na leasuithe seo bheith achtaithe go fóill, ní féidir, go fóill beag, bheith cruinn faoi na riachtanais deiridh. Beidh nuashonruithe rialta á dtabhairt ar láithreán gréasáin na Roinne maidir le leasuithe don Acht Grinnfhiosrúcháin.
- 2.12 Roimh thosú an Achta Ghrinnfhiosrúcháin is amhlaidh a eiseoidh an Roinn ciorclán eile maidir le riachtanais reachtúla a bheidh i bhfeidhm óna thosú, agus maidir leis na breithniúcháin dualgais chúraim níos leithne a chaithfidh na húdaráis scoile seo a chur san áireamh mar chuid den phróiseas earcaíochta.
- 2.13 Foilsíodh *Bille na Comhairle Múinteoireachta 2015 (Leasú)* i mí Eanáir 2015 in éineacht leis na leasuithe a rinneadh don Acht Grinnfhiosrúcháin. Tá an Bille seo ann chun taca a chur faoi ról lárnach na Comhairle Múinteoireachta i bhfeidhmiú na socrúithe reachtúla grinnfhiosrúcháin do mhúinteoirí cláraithe. Tá an Bille seo le hachtú mar chuid de chlár reachtach an Rialtais do sheisiún earraigh/samhraidh 2015.

3. Céimeanna atá le glacadh ag múinteoirí cláraithe anois díreach

- 3.1 Ba cheart do mhúinteoirí atá ag dúil le fostaíocht nua teagaisc a ghlacadh (buan, ar thearma seasta (sealadach) nó mar ionadaí) i scoil nua ó thús nó le linn an chéad téarma de scoilbhliain 2015/16 an ciorclán seo a léamh go cúramach chun is gur féidir leo a chinntiú go mbeidh siad infhostaithe gan stró i ndiaidh tosú an Achta Ghrinnfhiosrúcháin.
- 3.2 Nuair a chinnteofar an tráthchlár maidir le tosú an Achta Ghrinnfhiosrúcháin go luath ag an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais, beidh an tráthchlár céanna sin á chur in iúl ag an Roinn seo don chóras scoile agus foilseofar é ar shuíomh idirlín na roinne. Idir an dá linn, tá an **31 Iúil 2015** á lua ag an Roinn seo mar spriocdháta a mbeidh na réamhghníomhartha a leagtar amach sa chiorclán seo curtha i gcrích ag múinteoirí cláraithe.

Na céimeanna atá le déanamh maidir le haon obair ionadaíochta nua

3.3 I gcás múinteoirí atá ag dúil le hobair ionadaíochta a dhéanamh ó thús nó le linn an chéad téarma den scoilbhliain 2015/2016, caithfear tabhairt faoi na céimeanna seo a leanas roimh an **31 Iúil 2015**:

(a) Nuair is eol don mhúinteoir faoin scoil nó faoi na scoileanna (scoileanna BOO san áireamh) ina mbeidh sé/sí ar fáil le bheith ag obair iontu sa chéad téarma den scoilbhliain 2015/16 agus mura bhfuil seo déanta aige/aici cheana féin ba cheart don mhúinteoir:

- (i) eolas a thabhairt do gach ceann de na scoileanna atá i gceist go bhfuil sé/sí ar fáil le obair theagaisc mar ionadaí a dhéanamh sa scoil sin agus;
- (ii) cóip a chur ar fáil dá litir nochta ghrinnfhiosrúcháin ón Chomhairle Mhúinteoireachta do gach scoil atá i gceist.

Tabhair faoi deara: Is leor cóip a chur ar fáil de litir nochta ghrinnfhiosrúcháin ón Chomhairle Mhúinteoireachta go fóill beag chun na riachtanais reachtúla a chomhlíonadh i ndiaidh don Acht Grinnfhiosrúcháin a bheith i bhfeidhm. Ar aon dul leis na riachtanais neamhreachtúla de [Chiorclán 0063/2010](#), áfach, caithfear bunlitir de chuid na Comhairle Múinteoireachta a chur ar fáil d'údarás na scoile, agus í seo bheith eisithe taobh istigh den bhliain reatha nó den bhliain seo caite sular thosaigh an múinteoir ar an fhostaíocht ionadaíochta den chéadair.

(b) Murar féidir déanamh de réir (a) thuas nó sa chás nach bhfuil a fhios ag an múinteoir cad iad na scoileanna uile ina mbeidh sé nó sí i mbun obair ionadaíochta sa chéad téarma i scoilbhliain 2015/16, ní mór dó nó di iarratas a chur isteach chuig an gComhairle Mhúinteoireachta le nochtadh grinnfhiosrúcháin a fháil ón Bhiúró de réir na gcomhshocruithe atá leagtha amach i gcuid 3.9 thíos.

3.4 **Tugtar faoi deara:** Tugadh múinteoirí dá n-aire nach gá aon ghníomh a dhéanamh faoin chiorclán seo, roimh thús an Achta Ghrinnfhiosrúcháin, más rud é go bhfuil obair ionadaíochta athfhillteach déanta acu i scoil nó i scoileanna ar leith agus go bhfuil sé de rún acu tuilleadh obair ionadaíochta a lorg sa scoil nó sna scoileanna sin amháin i ndiaidh thús an Achta Ghrinnfhiosrúcháin.

Na céimeanna a chaithfear a ghlacadh maidir le cineálacha eile fostaíochta nua le fostóir nua

3.5 Ach amháin sa chás ina bhfuil feidhm le cuid 3.6(a) den chiorclán seo, iarrtar ar mhúinteoirí a bhfuil sé i gceist acu dul i mbun fostaíochta nua (taobh amuigh den obair

ionadaíochta dá dtagraítear in 3.3(a) thuas) le fostóir nua ó thús an chéad téarma i scoilbhliain 2015/16 ar aghaidh nó le linn an chéad téarma sin iarratas a chur isteach chuig an Chomhairle Mhúinteoireachta le haghaidh foirm nochtá grinnfhiosrúcháin ón Bhiúró, de réir na gcomhshocruithe atá leagtha amach i gcuid 3.9 thíos, roimh an **31 Iúil 2015**.

3.6 Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara;

- a) Nach gá gníomhú de réir an chiorcláin seo má tá na comhshocruithe conartha leis an bhfostóir déanta cheana féin nó má táthar ag súil lena ndéanamh sula dtosóidh an tAcht Grinnfhiosrúcháin. Tabhair faoi deara go mbeidh feidhm go fóill leis na comhshocruithe reatha faoi [chiorclán 0063/2010](#) na Roinne i dtaca leis an gcineál sin fostaíochta.
- b) Mura bhfuil na comhshocruithe conartha don fhostaíocht nua déanta leis an fhostóir go fóill nó mura bhfuiltear ag súil go mbeidh siad déanta roimh **31 Iúil 2015**, ní mór do mhúinteoirí cláraithe iarratas a chur isteach chuig an Chomhairle Mhúinteoireachta roimh **31 Iúil 2015** le haghaidh nochtadh grinnfhiosrúcháin de réir na gcomhshocruithe nua reachtúla a eiseoidh an Biúró sa tréimhse díreach i ndiaidh thosú an Achta Ghrinnfhiosrúcháin.

3.7 Maidir leis an gcomhairle seo i dtaca le hiarratas a chur isteach anois le haghaidh nochtá grinnfhiosrúcháin, baineann sí freisin le múinteoirí cláraithe a bhfuil sé i gceist acu a bheith fostaithe ag fostóir nua faoi Scéim Theagaisc Bhaile na Roinne sa chás (a) go bhfuil an fhostaíocht le tosú ag tús an chéad téarma i scoilbhliain 2015/16 nó le linn an téarma sin agus (b) nach bhfuil na comhshocruithe conartha don fhostaíocht nua déanta go fóill nó nach bhfuiltear ag súil go mbeidh siad déanta roimh **31 Iúil 2015**.

3.8 Tabhair faoi deara an méid seo freisin:

- (a) Cuirfidh an Roinn múinteoirí aonair atá ar phainéil ath-implonaithe ar an eolas maidir leis na céimeanna a chaithfidh siad a ghlacadh.
- (b) Cuirfidh an Chomhairle Mhúinteoireachta múinteoirí nuacháilithe a bhainfidh a gcáilíocht amach i samhradh 2015 ar an eolas maidir leis na céimeanna a chaithfidh siad a ghlacadh.

3.9 Comhshocruithe le hiarratas a chur isteach anois chuig an Chomhairle Mhúinteoireachta (roimh thosú an Achta Ghrinnfhiosrúcháin) le haghaidh nochta grinnfhiosrúcháin ón Bhiúró.

- Is féidir an fhoirm iarratais ghrinnfhiosrúcháin a íoslódáil anois ó [shuíomh gréasáin na Comhairle](#). Má chuireann siad iarratas isteach anois le haghaidh nochta grinnfhiosrúcháin ón Bhiúró, tá beart á dhéanamh ag na múinteoirí sin atá luaite i gcuid 3.3 (b), 3.5 agus 3.7 den chiorclán seo a chuideoidh leo chun a chinntiú go mbeidh siad ar fáil go réidh don fhostaíocht mar ionadaí nua nó d'fhostaíocht nua eile a chuirfear ar fáil i ndiaidh thosú an Achta Ghrinnfhiosrúcháin.
- Tá na sonraí uile maidir leis na comhshocruithe seo foilsithe sa chuid sin de shuíomh gréasáin na Comhairle Múinteoireachta a bhaineann le Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána www.teachingcouncil.ie.
- Ní mór foirmeacha iarratais ghrinnfhiosrúcháin atá comhlánaithe ina n-iomlán a chur ar ais chuig an Chomhairle Mhúinteoireachta faoin **31 Iúil 2015** sa dóigh go mbeidh Comhairle Teagaisc in ann na hiarratais seo a phróiseáil sula dtosóidh an tAcht Grinnfhiosrúcháin.
- Tá sé ríthábhachtach iarratais a chomhlánú go cruinn agus ina n-iomlán. Cuirfear moill ar aon iarratas nach bhfuil comhlánaithe ina iomlán nó a bhfuil eolas míchruinn ann agus féadfaidh sé nach ndéanfar an t-iarratas a phróiseáil faoi na comhshocruithe seo ar chor ar bith.
- Ní mór do mhúinteoirí amharc ar shuíomh gréasáin na Comhairle Múinteoireachta go rialta le heolas nuashonraithe a fháil faoi na comhshocruithe seo, athrú ar spriocdhátaí le hiarratais a chur isteach san áireamh.

4. Ullmhúcháin agus gníomhartha atá le déanamh roimh ré ag gach údarás scoile

4.1 Nuair a chuirfear tús leis, cuirfear dualgas reachtúil ar an údarás scoile (an fostóir) le hAlt 12(1) den Acht Grinnfhiosrúcháin glacadh le nochtheadh ón Bhiúró (.i. nochtheadh atá eisithe ag an Bhiúró faoin Acht Grinnfhiosrúcháin), sula gcuirtear tús le fostú duine i

bpost nua. **Ní mór d'údaráis scoile a thabhairt faoi deara go mbeidh cion coiriúil á dhéanamh acu má theipeann orthu an dualgas nua reachtúil seo a chomhlíonadh.**

4.2 Cé go gceadaítear ceapachán sealadach i gcúinsí áirithe faoi na socruithe reatha neamhreachtúla faoi [chiorclán 0063/2010](#), ag brath ar thoradh grinnfhiosrúcháin, tá sé tábhachtach go dtabharfaí faoi deara **nach mbeidh sé seo ag comhlíonadh** an dualgais dhlithiúil faoi Alt 12(1) den Acht Grinnfhiosrúcháin maidir le nochtadh grinnfhiosrúcháin a fháil ón mBiúró.

4.3 Nuair a bheidh tráthchlár thosú an Achta Ghrinnfhiosrúcháin deimhnithe ag an Aire Dlí agus Cirt, agus Comhionannais, cuirfidh an Roinn seo é sin in iúl don chóras scoile agus foilseofar é ar láithreán gréasáin na Roinne. Idir an dá linn, tá an **31 Iúil 2015** aitheanta ag an Roinn seo mar an dáta faoinar cheart d'údaráis scoile na réamhghníomhartha atá leagtha amach sa chiorclán seo a chur i gcrích.

Réamh-ullmhúchán maidir le hobair ionadaíochta múinteoireachta

4.4 Nuair a bheidh tús curtha leis an Acht Grinnfhiosrúcháin, tá sé tábhachtach nach mbeidh scoil i gcás go mbeidh gá le hionadaíocht phráinneach ach nach féidir duine a fhostú mar nach bhfuil ionadaí ar fáil go héasca a shásódh riachtanais ghrinnfhiosrúcháin an Achta Ghrinnfhiosrúcháin má fhostaítear iad.

4.5 **Comhairlítear dá bhrí sin d'Údaráis Scoile** an liosta múinteoirí atá ar fáil mar ionadaithe a sheiceáil agus a nuashonrú d'fhonn a chinntiú, an oiread agus is féidir, go sásaíonn siad na riachtanais le haghaidh obair ionadaíochta a bheidh le déanamh tar éis thosú an Achta Ghrinnfhiosrúcháin..

4.6 Maidir leis sin, is ceart don scoil na nithe seo a sheiceáil anois:

- (a) go bhfuil líon dóthanach múinteoirí cáilithe agus cláraithe ar an liosta le riachtanais ionadaíochta a d'fhéadfadh teacht aníos ó thús nó le linn an chéad téarma den scoilbhliain 2015/2016 a shású;

agus

- (b) go bhfuil cóip de litir na Comhairle Múinteoireachta um nochtadh grinnfhiosrúcháin faighte ag an scoil i leith gach duine de na múinteoirí ar an liosta. I gcás nach bhfuil cóip de litir na Comhairle Múinteoireachta um nochtadh grinnfhiosrúcháin ag an scoil, is ceart í a fháil anois ón múinteoir lena mbaineann ionas go mbeidh sí faighte ag an scoil roimh thosú an Achta Ghrinnfhiosrúcháin.

Is ceart don scoil cóip den litir um nochtadh grinnfhiosrúchán a choinneáil maidir le gach múinteoir ar liosta ionadaíochta na scoile.

Nóta: Is leor cóip de litir na Comhairle Múinteoireachta um nochtadh grinnfhiosrúcháin a fháil le cinntiú go bhfuil riachtanais reachtúla an Achta Ghrinnfhiosrúcháin á sású tar éis tosú an Achta sin. De réir riachtanas neamhreachtúil reatha [Chiorclán 0063/2010](#) ámh, ní mór d'údarás na scoile, sula dtosaíonn an múinteoir ar an bhfostaíocht tosaigh ionadaíochta, an bhunlitir ón Chomhairle Mhúinteoireachta um nochtadh grinnfhiosrúcháin a eisíodh sa bhliain reatha nó sa bhliain fhéilire roimhe seo a scrúdú. Ní mór d'údarás na scoile cóip den litir nochtá sin a choinneáil freisin.

- 4.7 Tá an dá ghníomh seo beartaithe le cinntiú go mbeidh an scoil in ann leanúint ar aghaidh ag úsáid a liosta ionadaíochta tar éis tosú an Achta Ghrinnfhiosrúcháin gan gá a bheith ag an scoil le fanacht ar dtús le nochtadh grinnfhiosrúcháin ón Bhiúró sula gcuirtear tús le fostaíocht na múinteoirí lena mbaineann.

Réamh-ullmhúchán maidir le fostaíochtaí eile (múinteoireacht agus eile)

- 4.8 Maidir le haon chineál eile fostaíochta nua (múinteoireacht nó eile) i scoil nua atá ag tosú ó thús an chéad téarma den scoilibhliain 2015/16 nó lena linn, is ceart do gach údarás scoile, de réir mar is féidir, socruithe conarthacha a dhéanamh faoin **31 Iúil 2015** ionas gur féidir an fhostaíocht sin a thosú gan gá a bheith ag údarás na scoile le fanacht ar dtús le nochtadh grinnfhiosrúcháin ón Bhiúró maidir leis an bhfostaí nó na fostaíthe lena mbaineann.

- 4.9 Tá na comhairlí agus an cur chuige sa chiorclán seo bunaithe ar leasuithe a bhfuiltear ag dúil lena ndéanamh ar an Acht Grinnfhiosrúcháin. Ó tharla nach bhfuil na leasuithe seo achtaithe fós, ní féidir ag an bpointe seo a bheith beacht faoi na riachtanais chríochnaithe. Tá sé tábhachtach dá réir sin go gcoinneoidh gach údarás scoile súil ar na nuashonrúcháin a chuirfidh an Roinn go rialta ar a láthair gréasáin (www.education.ie) maidir leis na riachtanais reachtúla grinnfhiosrúcháin atá le teacht, lena n-áirítear nuashonruithe maidir le dáta tosaithe an Achta Ghrinnfhiosrúcháin. Cuirfidh sé seo ar chumas na n-údarás scoile a bheith ar an eolas faoin líne chruinn ama agus faoi na riachtanais chríochnaithe don ghrinnfhiosrúchán reachtúil maidir le fostaíocht tosaigh fhostaithe nua agus aon réamh-ullmhúchán is gá a dhéanamh le cinntiú go mbeidh siad ag feidhmiú chomh réidh agus is féidir.

5. Cumarsáid leanúnach agus nuashonruithe eile

- 5.1 Sa tréimhse go dtí tosú an Achta Ghrinnfhiosrúcháin, bainfear úsáid as modhanna éagsúla cumarsáide chun:

- a) cabhrú lena chinntiú go mbeidh múinteoirí cláraithe lánfheasach faoin gcomhairle atá sa chiorclán seo agus
- b) le húdaráis scoile agus múinteoirí cláraithe a choinneáil suas chun dáta faoi shonraí breise de réir mar a bhíonn siad ar fáil maidir leis na riachtanais chríochnaithe faoin Acht Grinnfhiosrúcháin.

Beidh breis eolais faoi na bealaí cumarsáide seo agus faisnéis eile maidir le riachtanais reachtúla grinnfhiosrúcháin agus an dáta tosaithe don Acht Grinnfhiosrúcháin á bhfoilsíú ar láithreán gréasáin na roinne www.education.ie de réir mar a bheidh siad ar fáil.

6. Ceisteanna coitianta agus fiosruithe eile

6.1. Tá [cáipéis CC](#) foilsithe ag an Roinn ar a láithreán gréasáin le cabhrú le húdaráis scoile maidir le haon fhiosrú a bheadh acu faoin chiorclán seo. Déanfar nuashonrú air seo de réir mar a bheifear ag druidim le tosú na socrúithe reachtúla.

6.2. Is ceart aon fhiosrú eile a bhíonn ag údarás scoile a dhéanamh mar seo a leanas:

- (a) Is ceart fiosruithe ginearálta maidir leis an chiorclán seo a chur chuig an Roinn ag an seoladh ríomhphoist seo:

schoolgovernance@education.gov.ie

- (b) Is ceart fiosruithe sonracha maidir le hiarratais ghrinnfhiosrúcháin faoi mhúinteoirí cláraithe a chur chuig an Chomhairle Mhúinteoireachta ag an seoladh ríomhphoist seo:

vetting@teachingcouncil.ie

- (c) Is ceart fiosruithe sonracha maidir le hiarratais ghrinnfhiosrúcháin aon duine eile a chur mar is gnáth chuig Bord Bainistíochta/Oifig Deoise na scoile ábhartha.

Hubert Loftus
Príomhoifigeach
Rannóg Rialachais Scoileanna

Aibreán 2015